# Balla Humpty Dumpty

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>Láimhseáil Sonraí - sórtáil, rangú<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn* |
| **Scileanna Forbartha** | • eagar a léiriú ina gcuid oibre praiticiúla<br>• labhairt ar na hábhair agus an trealamh atá ar fáil le gníomhaíocht a dhéanamh agus iad a úsáid<br>• labhairt ar dhóigheanna le gnáthfhadhbanna an lae a réiteach |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | bloic thógála, thar, faoi, suas, síos, ar, le, os cionn, faoi bhun, gar do, i bhfad ó, deas, clé, rudaí a/nach rollann, a/nach luíonn, le chéile, sféar, ciúb, ciúbóideach, sorcóir, faobhar, coirnéal, aghaidh, díreach, cuar/cuartha, cruinn, leibhéalta |
| **Áiseanna** | bloic thógála |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

1 **Gníomhaíocht 1**

Tabhair am do na daltaí dul i mbun saorshúgartha leis na bloic thógála.

2 **Gníomhaíocht 2**

Sórtálfaidh daltaí na bloic thógála ina gcruthanna a rollann agus nach rollann, cruthanna a théann le chéile agus cruthanna nach dtéann le chéile.

3 **Gníomhaíocht 3**

D'imigh an tógálaí áitiúil le balla a thógáil inniu. Cad iad na tréithe a bhaineann le balla maith? Úsáideann an rang bloic thógála le balla a thógáil faoi stiúir an mhúinteora. Úsáideann an múinteoir straitéisí 'smaoineamh os ard' le béim a chur ar theanga chrutha.

4 **Gníomhaíocht 4**

Ba mhaith le Humpty Dumpty balla nua. Pléigh na tréithe a bhaineann le balla maith do Humpty Dumpty. An dtig leat an balla nua a thógáil? Déan cur síos ar do bhalla.

5 **Gníomhaíocht 5**

Is féidir leis na daltaí oibriú i mbeirteanna. Tabharfaidh dalta amháin treoracha dá chomhscoláire le balla a thógáil. Mar shampla, cuir ceithre chiúbóideach ag an bhun. Os cionn na gciúbóideach úsáid ocht gciúb. Úsáid sorcóirí ina seasamh ar a n-aghaidh leibhéalta ag an bharr.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna a d'úsáid tú?<br>• Cad iad na cruthanna a chuaigh le chéile/ nach ndeachaigh le chéile?<br>• Cad iad na cruthanna a rollann/nach rollann?<br>• Cá mhéad cruth a d'úsáid tú?<br>• Cad iad na dathanna a d'úsáid tú?<br>• Cá mhéad x a d'úsáid tú? | • Cad a tharlódh mura mbeadh ciúbanna ar bith agat?<br>• An dtig leat smaoineamh ar dhóigh níos fearr leis an bhalla a dhéanamh?<br>• An dtig leat a mhíniú cad é mar a rinne tú do bhalla?<br>• Cad é mar a thig leat a chinntiú nach dtitfidh do bhalla? Mínigh an fáth.<br>• Cad é mar a thig leat an balla a athrú sa dóigh go bhfuil patrúin air? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.